Nuacht Neachtain

Bealtaine 2022

SCÉALA IS DÉANAÍ!!

Tugadh duais den Bhratach Glas de chuid *Eco-Schools* do Ghaelscoil Neachtain! Gnóthachtáil suntasach é seo a léiríonn dianobair na foirne agus na bpáistí agus iad i ngleic le hábhair thimpeallachta. Cómhghairdeas agus buíochas ó chroí le Múinteoir Fionnuala agus le Muinteoir Aoife a stiúraigh an obair.

AN CHÉAD CHOMAOINEACH NAOFA

Comhghairdeas le páistí Rang 4 a rinne a gCéad Chomaoineach Naofa Dé Sathairn, 7 Bealtaine. Ceiliúradh álainn a bhí ann - labhair na páistí amach go hiontach le linn an Aifrinn agus léirigh siad meas ar achan ghné den tSacraimint. Ar mbuíochas leis an Sagart Ó Ceallaigh as Aifreann beannaithe naofa a cheiliúradh. Buíochas ó chroí le Múinteoir Ellen a d'ullmhaigh na páistí chomh maith sin. Buíochas fosta le Múinteoir Brónagh a chuidigh léi. Tá muid iontach buíoch fosta de Chór Neachtain, le Muinteoir Fionnuala agus le Múinteoir Mary K. as an cheol álainn. Buíochas le Annie Jo as a chuidiú fosta.

AIFREANN AN LUCHT IMEACHTA

Déanfaidh An Sagart Ó Ceallaigh Aifreann an Lucht Imeachta a cheiliúradh **Dé Luain, 20 Meitheamh, ar 11.00rn** in Eaglais Naomh Pádraig. Tugtar cuireadh do thuismitheorí freastal ar an ócáid speisialta seo fosta. Go raibh maith agat. **Tugtar faoi deara, le do thoil: Ní hé seo lá deireach Rang 7 ar scoil!!**

ORDAITHE do GHEANSAITHE GAELSCOILE

Úsáid na nascanna a leanas, le do thoil, chun geansaithe a ordú ó Carnroe –
Gaelscoil: www.carnroesupplies/client
Password = DUNGIVEN123
Naíscoil: www.carnroesupplies/client
Password = DUNGIVENABC
Tugtar fá deara, le do thoil: Ní osclóidh na nascanna seo go dtí An Luan, 30 Bealtaine.

LATEST NEWS!!

Gaelscoil Neachtain has been awarded *Eco-Schools* Green Flag award! This is a significant achievement and reflects the hard work of staff and children as they active engage in environmental issues. Congratulations and sincere thanks in particular to Múinteoir Fionnuala and to Múinteoir Aoife who supervise the work.

FIRST HOLY COMMUNION

Congratulations to our Rang 4 children who made their First Holy Communion on Saturday, 7th May. It was a beautiful celebration – the children spoke out excellently during the Mass and showed great respect for every aspect of the Sacrament. Our thanks to Father Kelly for celebrating the holy Mass. Sincere thanks to Múinteoir Ellen for preparing the children so well. Thanks also to Brónagh, who helped her. We are also very grateful to Cór Neachtain, Múinteoir Fionnuala and Múinteoir Mary K. for the beautiful music. Thanks also to Annie Jo for her help.

LEAVERS MASS

Fr. Kelly will celebrate the Leavers Mass for the Rang 7 children on **Monday, 20th June, at 11.00a.m**. in St. Patrick's Church. Parents are also invited to attend this special occasion. Go raibh maith agat. **Please note: this WILL NOT be Rang 7's last day at Gaelscoil!!**

ORDERS FOR GAELSCOIL JUMPERS

Please use the following links to order uniform jumpers from Carnroe -
Gaelscoil: www.carnroesupplies/client
Password = DUNGIVEN123
Naíscoil: www.carnroesupplies/client
Password = DUNGIVENABC
Please note: the links will not open until Monday, 30th May.

ACHAINÍ TRÓCAIRE

Buíochas ó chroí le páistí, tuismitheoirí agus foireann na Gaelscoile agus na Naíscoile, as an tabhartas an-fhlaithiúil a thug sibh d'achainí *Thrócaire* i mbliana. Buíochas ar leith do thuismitheoirí as ar thug sibh don díolachán císte! Bailíodh £279 san iomlán trí thiomsú airgid agus chuir an Ghaelscoil seic £300 chuig Trócaire.

LÁ SPÓRT

Tá Lá Spórt Naíscoil agus Gaelscoil Neachtain ann **Déardaoin, 2 Meitheamh.** Tosóidh an lá ar 9.30r.n. le páistí na Naíscoile i mbun sealaíochta ar dtús. Cuirfidh Cairde Neachtain bia agus sóláistí ar fáil ar an lá – iarrtar ar achan tuismitheoir bheith páirteach i rota chun cuidiú ar an lá. Tuilleadh eolais le teacht. Go raibh maith agat.

RÉAMHFHÓGRA – SEACHTAIN SIÚIL AR SCOIL

Tá Gaelscoil Neachtain ag eagrú seachtain siúil ar Scoil, 13 – 17 Meitheamh. Tuilleadh eolais le teacht.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá an Club Bricfeasta faoi lánseol arís gach maidin idir 8.15 – 8.45rn. Fáilte roimh achan pháiste. **Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40rn.** Go raibh maith agat.

EOLAS GAELSCOILE

Má tá tú ag iarraidh eolais, nó soiléireachta, fá dtaobh d'ábhar ar bith Gaelscoile, téitear i dteagmháil, le do thoil, leis an mhúinteoir ranga trí *Class Dojo* / r-phost nó cuirtear glaoch ar oifig na Gaelscoile – 028 777 42529. Go raibh maith agat.

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu laithreach bonn, le do thoil.

TRÓCAIRE CAMPAIGN

Sincere thanks to Naíscoil and Gaelscoil children, parents and staff for your very generous support of various activities for this year's *Trócaire* campaign. Particular thanks to parents for all contributions to the cake sale! In total, £279 was raised through fundraising and the Gaelscoil sent a cheque for £300 to Trócaire.

SPORTS DAY

Naíscoil and Gaelscoil Neachtain's Sports Day takes place on **Thursday, 2nd June.** The day starts at 9.30a.m. with the Naíscoil children taking their turn first. Cairde Neachtain will provide food and refreshments on the day - all parents are asked to participate in a rota to help out on the day. More information to follow. Go raibh maith agat.

ADVANCE NOTICE – WALK TO SCHOOL WEEK.

Gaelscoil Neachtain is organising a Walk to School week, 13th – 17th June. More information to follow.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is operating fully again every morning between 8.15 – 8.45a.m. All children are welcome. **Last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

GAELSCOIL INFORMATION

If you for looking for information, or clarity, in relation to any Gaelscoil matter, please contact the class teacher via *Class Dojo* / e-mail or phone the Gaelscoil office – 028 777 42529. Go raibh maith agat.

CHILD PROTECTION

Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either immediately.

FAN THE FLAME - AIFREANN IARCHÓINEARTAITHE

In éineacht le páistí Rang 7 as scoileanna eile na Deoise, tá cuireadh faighte ag páistí Rang 7, a ghlac le sacraimint an Chóineartaithe i mí an Mhárta, freastal ar Aifreann i bPáirc na gCeilteach, Doire, Déardaoin, 9 Meitheamh. Tuilleadh eolais agus bileoga ceada le teacht trí *Class Dojo.*

LÁ GNÍOMHAÍOCHTA

Tá cuireadh faighte ag páistí Rang 5 ó Ghaelcholáiste Dhoire bheith rannpháirteach i Lá Gníomhaíochta Déardaoin, 9 Meitheamh. Tuilleadh eolais agus bileoga le teacht trí *Class Dojo.*

COLOUR RUN

Tá cuireadh faighte ag páistí Rang 6 ó Choláiste Phádraig, Dún Geimhin, bheith rannpháirteach in *Colour Run* Déardaoin, 9 Meitheamh. Fágfaidh na páistí an Ghaelscoil ar 1.15in agus pillfidh siad faoi am dul abhaile. Déanfaidh ball foirne Gaelscoile na páistí a thionlacan. Cuirfear bileoga ceada chugat trí *Class Dojo.*

COMÓRTAS PEILE na nGAELSCOILEANNA

Tá cuireadh faighte ag páistí Rang 6 bheith rannpháirteach i gComórtas Peile na nGaelscoileanna atá a eagrú ag Gaelcholáiste Dhoire Déardaoin, 16 Meitheamh, ar An Abhainn Bheag. Tuilleadh eolais agus bileoga ceada le teacht trí *Class Dojo.*

AISTRIÚ 2022 – PÁISTÍ RANG 7

Is féidir le tuismitheoirí de pháistí Rang 7 logáil isteach go www.eani.org.uk/admissions Dé Sathairn, 21 Bealtaine, chun toradh iarratas an pháiste s'agatsa a bhreathnú.

DRUIDIM GHAELSCOILE

Cuirtear i gcuimhne duit **go bhfuil Gaelscoil Neachtain druidte do na páistí Dé hAoine, 3 Meitheamh, agus Dé Luain 6 Meitheamh.** Athosclaíonn an Ghaelscoil Dé Máirt, 7 Meitheamh.

FAN THE FLAME – POST CONFIRMATION MASS

Together with Rang 7 / P.7 children from other schools in the diocese, our Rang 7 children, who received the sacrament of Confirmation in March, have been invited to attend a Mass in Celtic Park, Derry, on Thursday, 9th June. More information and permission notes to come via *Class Dojo.*

ACTIVITY DAY

Rang 5 children have been invited to participate in an Activity Day at Gaelcholáiste Dhoire on Thursday, 9th June. More information and permission notes to follow on *Class Dojo.*

COLOUR RUN

Rang 6 children have been invited by St. Patrick's College, Dungiven, to participate in a *Colour Run* on Thursday, 9th June. The children will leave the Gaelscoil at 1.15pm and return by home time. A member of Gaelscoil staff will accompany the children. You will receive a permission note via *Class Dojo.*

GAELSCOIL FOOTBALL TOURNAMENT

Rang 6 children have been invited to participate in the Comórtas Peile na nGaelscoileanna / Gaelscoil Football Tournament being organised by Gaelscholáiste Dhoire in Owenbeg on Thursday, 16th June. More information and permission notes to follow via *Class Dojo.*

TRANSFER 2022 – RANG 7 CHILDREN

Parents of Rang 7 children can log in to www.eani.org.uk/admissions on Saturday 21st May to view the outcome of your child's application to post-primary school.

GAELSCOIL CLOSING

You are reminded that **Gaelscoil Neachtain will be closed to the children on Friday, 3rd June and Monday, 6th June.** The Gaelscoil re-opens on Tuesday, 7th June.

TUAIRISCÍ DEIREADH BLIANA

Cuirfear tuairisc deireadh bliana do pháiste abhaile leis / léi De hAoine, 17 Meitheamh. Comhlíontar an t-admháil iniata léi agus fhilltear é don mhúinteoir ranga Dé Luain, 20 Meitheamh, le do thoil. Go raibh maith agat.

CRUINNIÚ do THUISMITHEOIRÍ NUA

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí de pháistí atá le toiseacht ar Rang 1 i mí Mheán an Fhómhair, 2022, freastal ar chruinniú **Dé Máirt, 21 Meitheamh, ar 7.00i.n.** Deis í seo do thuismitheoirí eolas a fháil ar lá scoile Rang 1 agus ar shaol is corais na scoile go ginearálta agus chun páipéarachas cuí a líonadh amach.

CAIRDE NEACHTAIN

Tháinig cumann tuismitheoirí s'againne, Cairde Neachtain, le chéile arís ar na mallaibh chun líon gníomhaíochtaí a eagrú. Feictear sonraí thíos, le do thoil. Tá muid iontach buíoch díobh as an am a chaitheann siad agus as an dianobair a dhéanann said. Go raibh céad maith agaibh.

AOIBHNEAS NA HACLAÍOCHTA, 3 – 5 Meitheamh.

Rith, siúil nó bogshodar a dhéanamh le do theaghlach. Seo dúshlán spraoi do pháistí agus dá dtuismitheoirí. Beidh páistí mar ionadaithe na 'dtithe' s'acu agus bainfidh an teach a bhfuil an chuid is mó mílte / céimeanna taifeadta acu. Imeacht maoinithe é seo fosta – feictear leathanach Facebook le haghaidh tuilleadh sonraí. Go raibh maith agat.

CRANNCHÚR LIATHRÓID BHREISE

Tá Cairde Neachtain ag eagrú crannchúir Liathróid Bhreise fosta agus dearbhán beirte don sólóiste le tobán te ag Kintala Resort & Spa mar dhuais. Buíochas ó chroí le Séamus agus Lorna Ó Catháin a thug an duais iontach fláithiúil seo. Ar an drochuair, nó ar an dea-uair(!) tá achan uimhir díolta ag am na scríbhneoireachta!!

REIC ÉADAÍ SCOILE

Tá Cairde Neachtain ag eagrú reic éadaí scoile agus an brabach go leir ag dul do chiste na Gaelscoile. Deis iontach í seo chun éadaí scoile / spórt nach bhfuil in oiriúint do do pháiste a thuilleadh a aistriú agus chun baill éadaí a cheannach do do pháistí fosta. Tagann an tionscnamh seo go mór le stráitéis timpeallachta Ghaelscoil Neachtain chun chun dramhaíl éadaí agus chun cuidiu leis an timpeallacht. Is féidir éadaí scoile a fhágáil ag Halla Ghlór – tuilleadh eolais le teacht maidir le dátaí agus amanna.

END OF YEAR REPORTS

Your child's end of year report will be sent home with him / her on Friday, 17th June. Please complete the attached receipt and return to the class teacher on Monday, 20th June. Go raibh maith agat.

MEETING for NEW PARENTS

Parents of children due to commence Rang 1 in September are invited to a meeting on **Tuesday, 21st June at 7.00p.m.** This is an opportunity for parents to familiarise themselves with the school day in Rang 1, to find out about routines and Gaelscoil life generally and to fill out appropriate paperwork.

CAIRDE NEACHTAIN

Our parents' association, Cairde Neachtain, has come together again recently to organise a number of activities. Please see details below. We are very grateful for the time they take and the hard work they do. Go raibh céad maith agaibh.

MILES FOR SMILES, 3rd – 5th June.

Run, walk or jog with your family. This is a fun challenge for children and their families. Children will represent their 'houses' and the winning house will be the one with the most miles / steps logged. This is also a fundraising event. Please see Cairde Neachtain Facebook page for further details. Go raibh maith agat.

BONUS BALL RAFFLE

Cairde Neachtain are also organising a Bonus Ball raffle with a prize of a voucher for 2 people for the luxury lodge with hot tub at Kintala Resort & Spa. Sincere thanks to Séamus and Lorna Ó Kane who donated this very generous prize. Unfortunately, or fortunately (!) all numbers have been sold at time of writing!!

UNIFORM SALE

Cairde Neachtain are organising a uniform sale with all proceeds going to the school fund. This is a great opportunity to pass on any Gaelscoil / Naíscoil uniforms / sports kit that no longer fit your children and also to purchase items for your children. This excellent initiative is very much in keeping with Gaelscoil Neachtain's environmental strategy to reduce clothing waste and help the environment. Uniforms can be left in the Glór Hall - more information to follow regarding dates and times.